# Seachtain na hOidhreachta 2025

## Cathair na Gaillimhe

## 16-24 Lúnasa



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

National Heritage Week
A **Heritage Council** programme

# Clár



| | | |
|---|---|---|
| **DÉ SATHAIRN, an 16 Lúnasa** | 11am - 12pm | Caisleán Pháirc Mhuirlinne - Cuairt le Treoraí |
| | 11am - 12pm | Siúlóid le Treoraí - Rathún |
| | 12pm - 12:45pm | Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Fáinne an Chladaigh |
| **DÉ DOMHNAIGH, an 17 Lúnasa** | 11am - 12pm | Slí na Caillí - Cuairt le Treoraí |
| **DÉ LUAIN, an 18 Lúnasa** | 11am - 12pm | Reilig Chnoc an Sconsa - Cuairt le Treoraí |
| | 2pm - 3pm | Reilig, Séipéal agus Cloigtheach Ros Cam - Cuairt le Treoraí |
| **DÉ MÁIRT, an 19 Lúnasa** | 11:00am – 12:00am | Reilig Chnoc an Sconsa - Cuairt le Treoraí |
| | 12pm - 12:45pm | Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: An Dealbh de Phádraic Ó Conaire |
| | 2pm - 3pm | Reilig, Séipéal agus Cloigtheach Ros Cam - Cuairt le Treoraí |
| | 6:30pm – 8pm | Réimsí Spáis agus Spéise na Gaillimhe ar an Rothar |
| | 7:30pm - 8:30pm | Caint faoi Stair an Mechanics' Institute |

| | | |
|---|---|---|
| **DÉ CÉADAOIN, an 20 Lúnasa** | 12pm - 12:45pm | Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Seál na Gaillimhe |
| | 1pm go 2pm | Cúrsaí Oidhreachta: Mná i Saol Poiblí na Gaillimhe |
| | 7pm - 8pm | Cuairt Siúlóide maidir le Suirbhéireacht faoin Oidhreacht Dúchais / Baile an Dúlaigh |
| **DÉARDAOIN, an 21 Lúnasa** | 12pm - 12:45pm | Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Más Mór na Gaillimhe |
| | 12pm - 1:pm<br>3pm – 4pm | Caint faoin Obair Chaomhnúcháin & Seandálaíochta le tamall anuas ar Eaglais Choláisteach San Nioclás |
| **DÉ hAOINE, an 22 Lúnasa** | 11am - 12pm | Caint faoin Obair Caomhnúcháin agus Fásra & Fiadhúlra Chaisleán Mhionlaigh |
| | 12pm - 12:45pm | Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Húicéar na Gaillimhe |
| **DÉ SATHAIRN, an 23 Lúnasa** | 11:00am - 12:30pm | Caisleán Pháirc Mhuirlinne - Cuairt le Treoraí |
| | 10am - 5pm | Maireachtáil le Muir – Turas Oidhreachta le Cladach |
| **Ar líne** | Meáin Shóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | An tsraith Gaillimh na Rún |

Tá na himeachtaí uilig SAOR IN AISCE. Teastaíonn, mar sin féin, áirithint roimh ré i gcásanna faoi leith. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ach an mioneolas faoin ócáid a léamh.



### Cloigtheach Ros Cam, Ros Cam, Co. na Gaillimhe

Fothrach cloighthí atá suite i gclós mór eaglasta ar an gcladach i gCuan Órán Mór. Tá séipéal ón 15ú céad atá tite as a chéile le taobh an chloigthí agus tá reilig ársa álainn níos gaire don trá chlochach. Deirtear go dtéann cuid de na hadhlacthaí sa reilig seo siar go dtí an mhainistir bhunaidh a bhí ann sa 5ú céad.

# DÉ SATHAIRN, an 16 Lúnasa

## Caisleán Pháirc Mhuirlinne - Cuairt le Treoraí

## 11am - 12pm

**Ag teacht le chéile:**
**Gairdín an Phobail, Páirc Mhuirlinne**
Ní theastaíonn áirithint roimh ré.
Níl an ócáid seo inrochtana ag duine i gcathaoir rothaí

Tá gnéithe seandálaíochta agus staire ag baint go fairsing le Páirc Mhuirlinne, roinnt a théann siar go dtí an ré réamhstaire. Tabharfaidh Martin Fitzpatrick, Seandálaí le Through Time Ltd, léargas ar ábhar seandálaíochta agus staire maidir leis an láthair agus eolas faoi iarsmaí seandálaíochta ar tháinig sé orthu le linn tochailt a dhéanamh ann.



## Siúlóid le Treoraí - Rathún

## 11am - 12pm

**Ag teacht le chéile:**
**Lána an Mhuilleora, an Pháirc Imeartha, Bóthar Rathúin, Gaillimh**

Teastaíonn áirithint roimh ré.
Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.

Tabharfaidh John Connolly, TD, atá an-tugtha do stair na háite, daoine ar shiúlóid oidhreachta trí roinnt de na háiteanna is suntasaí i Rathún. Tosaítear amach ag Lána an Mhuilleora, ar aghaidh go dtí Seanreilig Rathúin agus an Reilig Nua ag seasamh ag uaigheanna suntasacha agus críochnaítear ag Teach Rathúin.

## Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Fáinne an Chladaigh

## 12pm - 12:45pm

**Ag teacht le chéile:**
**Músaem Cathrach na Gaillimhe**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 nó museum@galwaycity.ie

I Músaem Cathrach na Gaillimhe atá an fáinne is sine den chineál ar a dtugtar Fáinne an Chladaigh is eol a bheith ar fáil. Richard Joyce, gabha geal as Gaillimh a bhíodh ina sclábhaí tráth, a shaothraigh é timpeall na bliana 1700. Is siombail an cineál seo fáinne, atá á shaothrú agus á chaitheamh i nGaillimh le níos mó ná 300 bliain, ar an gcathair agus ar an tír agus airíonn muintir Diaspóra na hÉireann ar fud an domhain dlúthcheangal leis.

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine. Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10+

# DÉ DOMHNAIGH, an 17 Lúnasa

## Slí na Caillí – Cuairt le Treoraí

## 11am - 12pm

**<u>Ag teacht le chéile:</u>**
**Gairdín an Phobail, Páirc Mhuirlinne**

Ní theastaíonn áirithint roimh ré.
Oiriúnach ag leanaí agus ag daoine fásta.
Bíodh bróga oiriúnacha ort.

Tá Síle na gCíoch i gCaisleán Dhamhach Uisce, Páirc Mhuirlinne, chomh beag agus atá le fáil ar fud na tíre. Pléifidh Fiona Rooney agus Tina de Búrca, Through Time Ltd, pleananna seanchais agus seandálaíocht an cheantair i ndáil leis an mBean Feasa agus le Síle na gCíoch.



# DÉ LUAIN, an 18 Lúnasa

## Reilig Chnoc an Sconsa: Cuairt le Treoraí

## 11am - 12pm

**<u>Ag teacht le chéile:</u>**
**Taobh istigh den gheata tosaigh, an Séipéal Marbhlainne, Reilig Chnoc an Sconsa, Bóthar Loch an tSáile.**

Teastaíonn áirithint roimh ré:
www.galwaycity.ie/heritageweek
Níl inrochtana ag an uile dhuine. Bíodh bróga oiriúnacha ort



Is mór an t-ábhar eolais maidir le cúrsaí staire, ginealais agus seandálaíochta a bhíonn ar fáil i reiligí. Tugann cuairt tríd an reilig seo léargas ar stair iarthar na hÉireann ó ré an Armada anall go haimsir an Ghorta Mhóir sa 19ú céad agus ré na réabhlóidíochta sa 20ú aois, anuas go dtí ár linn féin. Ag siúl na reilige do Jacinta Kiely, tráchtfaidh sí ar uaigheanna Threibheanna na Gaillimhe, ar stair Ord na nAibhistíneach i nGaillimh, ar chúrsaí ailtireachta agus ar chraobhacha ginealais a bhaineann leis an dún agus leis an reilig ar Chnoc an Sconsa.

## Reilig, Séipéal agus Cloigtheach Ros Cam - Cuairt le Treoraí

## 2pm go 3pm

**Ag teacht le chéile:**
**I Ros Cam ag bun an bhóthair le cladach. Cruinnítear ar aghaidh an gheata ar dheis le hamharc ar an gcloigtheach ar thaobh na láimhe deise.**

Teastaíonn áirithint roimh ré:
www.galwaycity.ie/heritageweek
Níl inrochtana ag an uile dhuine. Bíodh bróga oiriúnacha ort

Áit bhreá gan aird ar imeall an chuain, tá séipéal, cloigtheach, bulláin agus gnéithe eile seandálaíochta i reilig Ros Cam. Gheofar léargas le linn na cuairte seo ar ghnéithe de stair agus de sheandálaíocht na háite chomh maith leis an mbéaloideas agus cúrsaí mara sa cheantar.



# DÉ MÁIRT, an 19 Lúnasa

## Reilig Chnoc an Sconsa: Cuairt le Treoraí

## 11am - 12pm

**Ag teacht le chéile:**
**Taobh istigh den gheata tosaigh, an Séipéal Marbhlainne, Reilig Chnoc an Sconsa, Bóthar Loch an tSáile.**

Teastaíonn áirithint roimh ré:
www.galwaycity.ie/heritageweek
Níl inrochtana ag an uile dhuine. Bíodh bróga oiriúnacha ort

Is mór an t-ábhar eolais maidir le cúrsaí staire, ginealais agus seandálaíochta a bhíonn ar fáil i reiligí. Tugann cuairt tríd an reilig seo léargas ar stair iarthar na hÉireann ó ré an Armada anall go haimsir an Ghorta Mhóir sa 19ú céad agus ré na réabhlóidíochta sa 20ú aois, anuas go dtí ár linn féin. Ag siúl na reilige do Jacinta Kiely, tráchtfaidh sí ar uaigheanna Threibheanna na Gaillimhe, ar stair Ord na nAibhistíneach i nGaillimh, ar chúrsaí ailtireachta agus ar chraobhacha ginealais a bhaineann leis an dún agus leis an reilig ar Chnoc an Sconsa.

# Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: An Dealbh de Phádraic Ó Conaire

## 12pm - 12:45pm

**Ag teacht le chéile:**
**Músaem Cathrach na Gaillimhe**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 /
museum@galwaycity.ie

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10+

Leis na duganna i nGaillimh, sa bhliain 1882, a rugadh Pádraic Ó Conaire, duine de na scríbhneoirí Gaeilge ba thábhachtaí lena linn. Nuair a fuair sé bás sa bhliain 1928, choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge Albert Power, dealbhadóir as Baile Átha Cliath, le dealbh chuimhneacháin a dhéanamh ina ómós. Nochtadh an dealbh ar an bhFaiche Mhór sa bhliain 1935 agus ba ghearr go raibh sé le háireamh ar na radharcanna ba sho-aitheanta i nGaillimh. Baineadh an ceann den dealbh sa bhliain 1999 agus aistríodh ina dhiaidh sin é go Músaem Cathrach na Gaillimhe lena choinneáil sábháilte. Tá macasamhail cré-umha anois ina ionad ar an bhFaiche Mhór.

# Reilig, Séipéal agus Cloigtheach Ros Cam - Cuairt le Treoraí

## 2pm - 3pm

**Ag teacht le chéile:**
**I Ros Cam ag bun an bhóthair le cladach. Cruinnítear ar aghaidh an gheata ar dheis le hamharc ar an gcloigtheach ar thaobh na láimhe deise.**

Teastaíonn áirithint roimh ré:
www.galwaycity.ie/heritageweek
Níl inrochtana ag an uile dhuine. Bíodh bróga oiriúnacha ort

Áit bhreá gan aird ar imeall an chuain, tá séipéal, cloigtheach, bulláin agus gnéithe eile seandálaíochta i reilig Ros Cam. Gheofar léargas le linn na cuairte seo ar ghnéithe de stair agus de sheandálaíocht na háite chomh maith leis an mbéaloideas agus cúrsaí mara sa cheantar.



# Réimsí Spáis agus Spéise na Gaillimhe ar an Rothar

## 6:30pm - 8pm

**Ag teacht le chéile:**
**An Póirse Caoch**

Fad an Chúrsa: Thart ar 9km
Teastaíonn áirithint roimh ré, féach www.galwaycity.ie/heritageweek



Tabharfaidh Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar le Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe, siar ar bhóithrín rothaíochta na cuimhne muid. Taobhóidh cúrsa na cuairte ionaid agus réimsí spáis a tháinig chun cinn agus a chuaigh i bhfeidhm ar Ghaillimh ó dheireadh ré na meánaoise i leith. Cíorfar cúrsaí tionsclaíochta, teacht chun cinn na Gaillimhe mar bhaile coláistí, athrú sóisialta thart ar an gCladach agus eile. Tá lorg na n-athruithe le feiceáil ar ghnéithe ailtireachta agus foirgníochta na Gaillimhe, an scéal mór ag rith le mionghné.

# Caint faoi Stair an Mechanics' Institute

## 7:30pm - 8:30pm

**Ag teacht le chéile:**
**Galway Mechanics Institute, An tSráid Láir, Gaillimh**

Níl inrochtana ag an uile dhuine. Ní theastaíonn áirithint roimh ré



Tá Mechanics' Institute ar bun i nGaillimh le beagnach 200 bliain anuas. Tá sé suite sa cheannáras ar an tSráid Láir ó na 1840idí i leith. Sa chaint seo do Sheachtain na hOidhreachta, pléifidh an Dr John Cunningham, Ollscoil na Gaillimhe, an tábhacht a bhí leis an Institiúid do mhuintir an bhaile mhóir agus an t-athrú a tháinig le himeacht aimsire ar na príomhchuspóirí: oiliúint ceardaíochta, cur chun cinn an cheantair agus cearta an lucht oibre; athrú moráltachta, áiseanna sóisialta agus cúrsaí spóirt

# DÉ CÉADAOIN AN 20 LÚNASA

## Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Seál na Gaillimhe

## 12pm - 12:45pm

**Ag teacht le chéile:**
**Músaem Cathrach na Gaillimhe**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 /
museum@galwaycity.ie

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10+

**Is iomaí cineál Seáil, ball éadaigh a bhíodh á chaitheamh go coitianta ag mná tráth le bheith faiseanta agus te araon, a bhíodh ann. Bhíodh an oiread sin tóir sna 1800í déanacha agus go luadh sna 1900í in iarthar na hÉireann ar sheál a bhíodh á dhéanamh in Albain gur baisteadh 'Seál na Gaillimhe' air.**



## Cúrsaí Oidhreachta: Mná i Saol Poiblí na Gaillimhe

## 1pm go 2pm

**Ag teacht le chéile:**
**Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Seomra na Comhairle, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste**

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
Ní theastaíonn áirithint roimh ré



Mary Clancy, staraí in Ollscoil na Gaillimhe, a thabharfaidh an chaint seo ina bpléifear na bealaí inar mhúnlaigh mná na Gaillimhe gnéithe éagsúla d'oidhreacht phoiblí an bhaile. Cé gur díol suntais a fheiceálaí atá na mná i stair shóisialta agus i saol polaitíochta na Gaillimhe, is mór an lear a théann gan aird ná scrúdú. Le linn na cainte seo, cíorfar páirt na mban ar chomhairlí polaitíochta áitiúla ó dheireadh an 19ú céad anall. Trí aird a tharraingt ar phearsaí éagsúla agus an comhthéacs a bhain leo, féachtar le cur leis an tráchtaireacht ar an saol poiblí i nGaillimh.

## Cuairt Siúlóide maidir le Suirbhéireacht faoin Oidhreacht Dúchais: Baile an Dúlaigh

## 7pm go 8pm

**<u>Ag teacht le chéile:</u>**
**Fahy's Farm, Baile an Dúlaigh**
**Treoir chuig an áit ar fáil ó heritage@galwaycity.ie.**

Fad an Chúrsa: Thart ar 1km.
Ní theastaíonn áirithint roimh ré.



Tá Suirbhéireacht faoin Oidhreacht Dúchais ar siúl faoi láthair ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mBaile an Dúlaigh. Bí linn do chuairt siúlóide i mBaile an Dúlaigh go gcastar le comhairleoirí an togra, go bhfaightear léargas ar ghnéithe sainiúla den oidhreacht dúchais, go dtuigtear modhanna oibre na suirbhéireachta agus an modh inar féidir leat taighde a dhéanamh faoi do cheantar féin nó foirgneamh de do chuid féin. Beidh Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ann freisin chun an chaoi a gcuidíonn foirgnimh agus tírdhreacha dúchais lenár bhflóra agus fána.



# DÉARDAOIN, an 21 Lúnasa

## Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Más Mór na Gaillimhe

## 12pm - 12:45pm

**<u>Ag teacht le chéile:</u>**
**Músaem Cathrach na Gaillimhe**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 / museum@galwaycity.ie

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10

Thart ar an mbliain 1710 a rinneadh an Más Mór a bhronn an Méara Edward Eyre ar Ghaillimh. Saothar airgid atá ann maisithe le suaitheantais Shasana, na Fraince, na hAlban agus na hÉireann chomh maith le harmas na Gaillimhe agus armas theaghlach ríoga na Breataine. Bhíodh an Más Mór faoi úinéireacht William Randolph Hearst, úinéir nuachtán sna Stáit Aontaithe idir na 1930idí agus na 1950idí agus bronnadh ar Ghaillimh arís é sa bhliain 1961.

## Caint faoin Obair Chaomhnúcháin & Seandálaíochta in Eaglais Choláisteach San Niocláis

## 12pm - 1pm
## 3pm - 4pm

**Ag teacht le chéile:**
**An póirse ar an taobh ó dheas den Teampall Mór**

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine.
Teastaíonn áirithint roimh ré, féach www.galwaycity.ie/heritageweek

Is léir ó obair chaomhnúcháin a rinneadh le tamall anuas gur sine an séipéal seo ná mar a bhíodh á cheapadh cheana. Tabharfaidh Frank Coyne, seandálaí, caint spéisiúil faoin am a caitheadh agus plé á dhéanamh aige ar nithe a tugadh chun suntais le linn obair chaomhnúcháin agus seandálaíochta le tamall beag anuas.

Gheofar léargas ar an gcúram atá á dhéanamh de chaomhnú agus d'athchóiriú an fhoirgnimh ionas gur fada fós a bhíonn sé i gceartlár na Gaillimhe.



# DÉ hAOINE an 22 Lúnasa

## Caint faoin Obair Chaomhnúcháin agus Fásra & Fiadhúlra Chaisleán Mhionlaigh

## 11am - 12pm

**Ag teacht le chéile:**
**An geata isteach chuig Caisleán Mhionlaigh**

Níl inrochtana ag an uile dhuine.
Ní theastaíonn áirithint roimh ré.

"Neantóg is bláth buí, atá anois ar áit mo thí" Is faoin dúlra a bhíonn mura níonn duine gníomh agus is léir sin ar Chaisleán Mhionlaigh atá faoi speicis dhúchasacha den éanlaith agus den sciathán leathair nuair nach bhfuil cónaí ann feasta ag tiarnaí. Is maith an comhluadar Vincent Carragher, Maor Caomhantais leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra agus é ag trácht ar shuairc oidhreacht an dúlra thart ar Chaisleán Mhionlaigh.

## Cuairt Sheachtain na hOidhreachta: Húicéar na Gaillimhe

## 12pm - 12:45pm

**Ag teacht le chéile:**
**Músaem Cathrach na Gaillimhe**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 /
museum@galwaycity.ie

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine. Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10+

Cloisfear eolas faoi Húicéirí na Gaillimhe, seanchineál báid ar Chuan na Gaillimhe, dubh ina gcolainn agus iad faoi chultacha dhúrua seoil. Ón aon chrann amháin a chrochtar seol mór agus seolta tosaigh, bhaintí leas as na báid seo don iascach agus ag tarraingt locht móna, feamainne, aolchloiche agus ainmhithe agus is comharthaí sainiúla iad ar oidhreacht na farraige i nGaillimh.



# DÉ SATHAIRN, an 23 Lúnasa

## Maireachtáil le Muir – Turas Oidhreachta le Cladach

## 10am - 5pm

**Ag teacht le chéile:**
**Leac Cuimhneacháin Long Aimsir an Ghorta Mhóir, Bóthar Grattan**

Teastaíonn áirithint roimh ré: 091 532460 /
museum@galwaycity.ie

Tá seo inrochtana ag an uile dhuine. Oiriúnach do dhaoine fásta agus do dhaoine óga 10+

Ócáid speisialta de chuid Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe agus Galway Atlantaquaria ag Trá Grattan, Bóthar na Trá. Déantar ceiliúradh ar théama na bliana seo, “Scrúdú na Bonnchloiche”, le scéalaíocht cois farraige, tóraíocht iontaisí, agus fionnachtain le cladach. Tá fáilte roimh dhaoine gan bheann ar aois ag an ócáid seo a thugann deis faoi leith eolas a chur ar an dúlra agus ar oidhreacht an chósta agus na farraige.

# Caisleán Pháirc Mhuirlinne - Cuairt le Treoraí

## 11am - 12:30pm

**<u>Ag teacht le chéile:</u>**
**Ag geata an aibhinne chuig Caisleán Mhionlaigh, Gaillimh**
**Ní theastaíonn áirithint roimh ré**



Is maorga atá Caisleán Mhionlaigh suite le bruach Abhainn na Gaillimhe, fiosracht á spreagadh i lucht na linne seo faoin saol a chaitheadh daoine nuair a bhíodh sé ina shea. Martin Fitzpatrick, Seandálaí le Through Time Ltd, an treoraí do chuairt siúlóide agus trácht aige lena linn ar Chaisleán Mhionlaigh, ar na teaghlaigh a mhaireadh ann, ar an obair chaomhnúcháin atá ar bun agus ar oidhreacht foirgníochta, cultúir agus dúlra na Coiribe agus na bealaí uisce idir an loch agus an fharraige.

# Gaillimh na Rún

## Ar líne i rith Sheachtain na hOidhreachta

**<u>Féach:</u>**
**Meáin Shóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**



Scaoiltear rúin dhiamhracha Chathair na Gaillimhe, lorg stair agus sheanteanga na háite ar shráideanna na linne seo. Sraith físeán do na meáin shóisialta ina ndírítear aird ar stair áiteanna éagsúla ar fud na cathrach, Gaillimh as Gaeilge.

**Déantar ceiliúradh gach bliain ar oidhreacht foirgníochta, dúlra agus cultúir na hÉireann le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta...**

...ionas go gcothaítear tuiscint níos fearr ar ghnéithe den oidhreacht atá de dhlúth agus d'inneach ionainn agus go ndéantar iad a chaomhnú do na glúnta atá le theacht.

An Oifig Oidhreachta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe a chóirigh an clár maidir le Cathair na Gaillimhe.

Tuilleadh eolais: www.galwaycity.ie/heritageweek

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

National Heritage Week
A Heritage Council programme

National Biodiversity Data Centre
Documenting Ireland's Wildlife

músaem museum
GALWAY CITY MUSEUM
MÚSAEM CATHRACH NA GAILLIMHE

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

## Taobh istigh d’fhoirgneamh dúchais / Baile an Dúlaigh

Is éard is oidhreacht dúchais ann ná foirgnimh, struchtúir, agus gnéithe a chruthaíonn gnáthdhaoine ag baint úsáid as ábhair áitiúla agus modhanna traidisiúnta, gan dearadh ailtireachta foirmiúil. Is cuid bhunúsach é de thírdhreacha tuaithe agus uirbeacha araon, ag léiriú riachtanais áitiúla, cúinsí comhshaoil, agus traidisiúin chultúir.  Tá staighre neamhghnách, a rinneadh go háitiúil, go dtí an t-áiléar, doirse beaga agus aol geal gorm le feiceáil sa teach cónaithe seo.

